# EISIÚINT NUACHTA
# NEWS RELEASE
**09 Lúnasa / August 2025**

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

## Bia agus Buillí ar an Chaisleán Nua

Tá deireadh seachtaine dochreidte i ndán do lucht an bhia is an cheoil agus an fhéile Bia agus Buillí ag filleadh ar an Chaisleán Nua, Contae an Dúin, Dé Sathairn 6 agus Dé Domhnaigh 7 Meán Fómhair 2025.

Beidh bia blasta, ceol beo, agus gníomhaíochtaí teaghlaigh le ceiliúradh i rith na féile dhá lá seo a mbeidh radharc álainn na mBeann Boirche mar chúlra aici.

Mar chuid den fhéile i mbliana, spreagfar muid trí thaispeántais chócaireachta a dhéanfaidh ceiliúradh ar rogha na dtáirgí áitiúla agus ar an chleachtas inbhuanaithe. Ag Pailliún Bhlasanna an Mhúrn, beidh deis ag daoine blasanna saibhre na háite a thriail, faoi threoir cócairí cumasacha agus saineolaithe bia. Is é an inbhuanaitheacht téama na dtaispeántas i mbliana, agus leagfar béim ar chomhábhair áitiúla a úsáid leis an lorg carbóin a laghdú agus chun tacú le feirmeoirí áitiúla. Beidh cuairteoirí in ann foghlaim faoi chleachtais chócaireachta inbhuanaithe is féidir a chur i bhfeidhm sa tsaol laethúil.

Beidh imeacht nua ann i mbliana faoin teideal "Buail leis na Táirgeoirí", mar a mbeidh deis ag daoine bualadh le táirgeoirí bia áitiúla chun samplaí a fháil agus le scéalta a chluinstin faoi na táirgí blasta. Beidh táirgí den scoth ar fáil ó Mhúrna, Sliabh gCuillinn agus Baile Loch Cuan agus ó cheantair eile ar fud an tuaiscirt – bíodh Crawford’s Rock, Drioglann Chill Eoghain, agus NearyNógs san áireamh.

Beidh réimse leathan bia ar fáil ó dhíoltóirí ar fud na féile, ag tairiscint béilí agus sneaiceanna do chách.

Beidh lucht an cheoil sásta go mbeidh ceol beo ar dhá stáitse: an Stáitse Dúchais agus an Stáitse Domhanda. Beidh ceoltóirí áitiúla ar an Stáitse Dúchais, agus ceoltóirí idirnáisiúnta ar an Stáitse Domhanda; agus casfar meascán de sheánraí éagsúla mar cheol tíre, na gormacha, rac-cheol agus eile. I measc na n-ealaíontóirí, beidh Sasha Samsara, Matt Maginn, Belfast Groove Collective, agus The Qua Family ann. Beidh ceol ar siúl i rith dheireadh na seachtaine, ag cur le fuinneamh agus atmaisféar na féile.

Beidh go leor ar fáil do theaghlaigh, fosta, lena n-áirítear Zón na bPáistí, Mol na gCéadfaí, agus na heispéiris do pháistí ar a dtugtar Curious Minds. Chomh maith leis sin, beidh gníomhaíochtaí spraíúla ar siúl i bPáirc an Chaisleáin mar a mbeidh na báid troitheán agus rásaíocht chairtíní ar fáil do gach aois.

Dúirt Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Philip Campbell, “Tá áthas orm go bhfuil an fhéile Bia is Buillí ag filleadh ar an Chaisleán Nua in 2025. Is deis iontach í an fhéile chun bia ardchaighdeáin an cheantair agus saol bríomhar an cheoil a chur chun tosaigh; agus sin ar fad suite faoi chúlra galánta na mBeann Boirche. Beidh ócáid is fearr agus is speisialta ann i mbliana a chlúdóidh réimse gníomhaíochtaí teaghlaigh agus a léireoidh fás leanúnach chultúr áitiúil an bhia agus an cheoil.”

# EISIÚINT NUACHTA
# NEWS RELEASE
**09 Lúnasa / August 2025**

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

Beidh imeachtaí iontacha eile ar siúl, fosta, ar imeall na príomhfhéile. Beidh Margadh Ceardaíochta ar siúl ag an Phlás in aice an Ionaid Cuairteoirí ar an Chaisleán Nua, Dé Sathairn 6 agus Dé Domhnaigh 7 Meán Fómhair. Beidh ceardaithe áitiúla i láthair chun seodra lámhdhéanta, maisiúchán tí saincheaptha, agus cuimhneacháin uathúla a roinnt. Buail isteach le linn na féile chun píosa speisialta a roghnú mar chuimhneachán ar do chuairt.

Chun an fhéile Bia & Buillí a chur chun cinn, tá tionscnamh nua seolta ag an Chomhairle a thugtar Seachtain Bhialanna an Chaisleáin Nua air. Beidh sé sin ar siúl idir 1 agus 7 Meán Fómhair. Beidh roghchlár speisialta ar fáil ó 11rn go 2in agus ó 5in go 7in gach lá sna bialanna rannphairteacha chun deis a thabhairt do dhaoine áitiúla agus cuairteoirí bia áitiúil a bhlaiseadh le linn na seachtaine ceiliúrtha seo. Cén fáth nach gcuirfeá fad le do chuairt agus deireadh deas blasta a chur le Seachtain an mBialann ag féile bhríomhar Bia is Buillí?

Lean an Comhairleoir Philip Campbell ar aghaidh, "Tá muid bródúil fosta gur cuid lárnach d'imeacht na bliana seo Seachtain Bhialanna an Chaisleáin Nua, a bheidh ar siúl sna laethanta roimh an fhéile féin. Tacaíonn an tionscnamh seo le gnólachtaí áitiúla trí aird a dhíriú ar na bialanna is fearr sa bhaile agus trí bhuanna cócaireachta an cheantair a léiriú, agus tugann sé deis ar leith do chónaitheoirí agus do chuairteoirí blaiseadh a fháil de bhia den scoth atá ar fáil ar an Chaisleán Nua."

"Feabhsaíonn na himeachtaí seo ár dtairiscint turasóireachta; cruthaíonn siad deiseanna faoi leith don phobal aithne a chur ar a chéile, ár n-oidhreacht a cheiliúradh, agus cuimhní buana a chruthú. Is cuma cé acu is beadaí nó duine mór ceoil thú, nó más rud é go bhfuil saoire spraíúil teaghlaigh uait, is í an Fhéile Bia is Buillí ar an Chaisleán Nua an dóigh is fearr le deireadh seachtaine a chaitheamh."

Bí linn an samhradh seo le haghaidh séasúr eile d'eachtraí dochreidte ar fud cheantar an Iúir, Mhúrn, an Dúin agus Ard Mhacha Theas.

**CRÍOCH**

Is féidir aon fhiosruithe a sheoladh chuig an Phreasoifig
Fón: 0330 137 4006
Rphost: marketing@nmandd.org